

# *eti*

*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -  
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*



Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:  
An Roinn Oideachais  
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama  
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta



INFHEISTEoir I nDAoine

## **An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna**

### **Tuairisc ar Chigireacht Leantach**

### **Naíscoil na Rinne Doire**

**Dáta na Cigireachta: Bealtaine 2007**

## **TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍScoil NA RINNE, AN CREAGÁN, DOIRE, BT48 9TF (2AB-0296)**

Sa chigireacht i Mí na Samhna 2005 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí sna nithe seo a leanas: éiteas an ionaid; an dóigh an n-eagraítear an seisiún; agus a fheabhas a úsáideann an fhoireann an Ghaeilge agus iad ag idirghníomhú leis na páistí. Aithníodh sa chigireacht gur ghá feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- pleanáil an chláir sa dóigh go gcuirfead béim níos soiléire ar an fhoghlaim atá le cur chun cinn i ngach réimse súgartha agus go dtabharfar treoir níos éifeachtaí don fhoireann san obair a dhéanann siad ó lá go lá leis na páistí;
- an próiseas ina ndéantar measúnú ar fhorbairt agus ar dhul chun cinn na bpáistí agus an t-eolas sin a úsáid nuair atáthar ag pleanáil; agus
- an soláthar a dhéantar don súgradh amuigh faoin spéir.

### **San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:**

- I mí Lúnasa 2006 rinne an fhoireann cúrsa oiliúna ar na nithe is déanaí a bhaineann le cosaint páistí; agus d'aontaigh an fhoireann ar na modhanna oibre chun nithe a bhaineann le cosaint páistí a thuairisciú, agus cuireadh iad sin in iúl do na tuismitheoirí.
- Fuarthas acmhainní breise le haghaidh súgradh amuigh faoin spéir.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna sraith cuairteanna cigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas leantach. Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a rinneadh ar 14 Bealtaine 2007 agus cuirtear sa chuntas inti na cinní a d'éirigh as an chuairt i Mí na Samhna 2006.

### **Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm.**

- Tá an fhoireann i ndiaidh na modhanna pleanála acu a athbhreithniú agus a mhodhnú. Léirítear sa phleanáil sheachtainiúil anois go bhfuil dul chun cinn soiléir déanta i ngach réimse súgartha agus go bhfuil féidearthachtaí sna gníomhaíochtaí le haghaidh foghlama.
- Déanann an fhoireann nótaí rialta iomchuí a thaifeadadh anois ar dhul chun cinn na bpáistí agus baineann siad úsáid as an eolas sin agus iad i mbun pleanála.
- Bíonn cur chuige struchtúrtha féinmheastóireachta i bhfeidhm ag an fhoireann chun deiseanna súgartha amuigh faoin spéir a chruthú do na páistí, agus saineolaí oideachais luath-óige an ionaid ag cúnaimh go héifeachtach leo. Bhain siad an-tairbhe as an doiciméad “Together Towards Improvement” le hiniúchadh meabhraitheach a dhéanamh ar an

chleachtas acu. Bíonn deiseanna anois ann gach lá le haghaidh súgradh fisiceach agus tá an fhoireann ag tosú a bhailiú fianaise gur ag feabhsú atá réimse agus caighdeán na ndeiseanna foghlama a thugann siad do na páistí amuigh faoin spéir.

Tá dul chun cinn mór déanta ag an ionad réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na príomhréimsí le haghaidh gníomhú. Tá muinín ag na tuismitheoirí agus ag an phobal i gcoitinne as an rún daingean atá ag an fhoireann feabhsúcháin a dhéanamh agus as a éifeachtaí atá siad ag freagairt do na cinntí sa chigireacht.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: [www.deni.gov.uk](http://www.deni.gov.uk)